

Aibreán 2024



An Domhnach, Aibreán 7^ú An Dara Domhnach den Cháisc- Domhnach na Trócaire/Lá Domhanda na Slánte

Déantar an fhéile seo a cheiliúradh i gcónaí ar an 8ú lá de cheiliúradh na Cásca agus tagann sé seo le scéal an mhaithiúnais atá i soiscéal an lae inniu. Déanann sé ceiliúradh ar thrócaire agus ar mhaithiúnas Dé dúinn ar fad.

An Luan 8^ú Aibreán : Féile Theachtaireacht an Aingíl

(Déantar an lá fhéile seo a cheiliúradh go hiondúil ar an 25ú Márta ach os rud é gur thit an lá fhéile i rith na Seachtaine Móir i bliana, athraíodh an lá fhéile go dtí an dáta seo)



- **I nGrá Dé Rang a 3 , L. 128, An 1cd Rúndiamhar Sólasach Rang a 6, L. 508.**



An Mháirt, Aibreán 16^ú: Lá Fhéile Naomh Bernadette

Ba bhean rialta Francach í N. Bernadette a mhair sa naoú céad déag. Mar dhéagóir, chonaic sí an Mhaighdean Mhuire go minic i ngrotto atá aitheanta anois mar an Scrín i Lourdes.

- **Muire Lourdes: I nGrá Dé Rang a 3 L.115**

An Domhnach Aibreán 21^ú: Domhnach an Aoire Mhaith tugtar Domhnach na nGairmeacha air freisin “Go n-éirimís, ansin, agus go dtugaimís aghaidh ar an todhcháí lán le dóchas ionnas go mbeidh muidne cosúil le Muire nuair a thug sí cuairt ar Éilis, tá muidne, freisin, inann a bheith inár dteachtairí lán le háthas, inár bhfoinsí den bheatha nua agus mar chruthaitheoirí den bhráithreachais agus na síochána » (An Pápa Proinsias)



An Mháirt, Aibreán 23^ú Lá Fhéile N. Seoirse, Naomh phatrún Shasana Déardaoin, Aibreán 25^ú Lá Fhéile N. Marcus, Soiscéaláí



An Luan, Aibreán 29ú, N. Catherine as Sienna: Naomh Phatrún na hEorapa agus na hIodáile

